**Aighneacht chuig an**

**Roinn Oideachais agus Scileanna**

# Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais

# i Limistéir Ghaeltachta

## Iúil 2015

## Cúlra:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge. Músclaíonn an mhóreagraíocht seo pobal na hÉireann, tugann sí tuiscint úrnua dúinn ar ár n-oidhreacht luachmhar agus cothaíonn sí meas ionainn ar an gcultúr Gaelach.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras trasteorann ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann.  Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá  breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## Intreoir

Is é príomhról scoileanna Gaeltachta ná oideachais trí Ghaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach uile dalta chun forbairt phearsanta an dalta a chumasú. Cruthóidh sé seo muinín i dtuismitheoirí agus sa phobal, muinín atá ag teastáil chun buntáiste an t-oideachas Gaeilge a léiriú dóibh mar chuid den phróiseas pleanála teanga.
Ba chóir go mbeadh siad ábalta a chinntiú go bhfuil daltaí uile na scoile go hiomlán inniúil sa Ghaeilge agus iad ag fágáil an chórais oideachais agus a chinntiú go bhfuil saibhriú déanta ar chumas labhartha an cainteoir ó dhúchas. Tá féiniúlacht i léith ag scoileanna Gaeltachta, agus ba chóir go mbeadh sé seo á cheiliúradh le linn na hama. Leis seo a léiriú, ba chóir feasacht láidir teanga a chothú chun a léiriú do na páistí an saibhreas iontach atá acu mar chainteoirí Gaeltachta.

Ní hionann Gaeltacht gan Ghaeilge, mar sin ní féidir scoil a shonrú mar scoil Ghaeltachta mura bhfuil an teagasc go hiomlán trí Ghaeilge. Má táthar chun tabhairt faoina fadhbanna atá aitheanta sa phróiseas taighde maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais sa Ghaeltacht caithfear gach scoil sa Ghaeltacht a chumasú le go mbeadh siad in ann feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Glactar leis go bhféadadh idirthréimhse a bheith ann ina nglacfar le scoil nach raibh an teagasc go hiomlán i nGaeilge, ach go raibh an scoil i mbun próisis chun aistriú go scoil ina raibh an teagasc iomlán trí Ghaeilge. Faoi Acht na Gaeltachta 2012 beidh an Ghaeltacht sainithe ar bhunús teanga seachas mar cheantar thíreolaíochta agus dualgas ar gach pobal plean teanga a ullmhú. Mura bhfuil scoileanna á theagasc trí Ghaeilge is beag seans go mbeidh rath ar phlean teanga agus go gcuirfear stádas Gaeltachta an cheantair i mbaol.

Is léir ón taighde atá déanta san earnáil seo, cuid de atá luaite ag an Roinn mar chúlra den straitéis seo, go bhfuil géarchéim ann maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachas Gaeltachta. Chun tabhairt faoin ngéarchéim seo ní mór don Roinn céimeanna radacacha a ghlacadh ar bhun práinne.

Cuirtear fáilte roimh na tograí atá déanta sa chaipéis seo atá foilsithe ag an Roinn mar rud atá riachtanach leis an oideachas atá ar fáil sna limistéir Ghaeltachta a chosaint agus a láidriú. Moltar na pointí seo a leanas:

1. Bord Oideachais Gaeltachta
2. Luath-thumoideachas i nGach Bunscoil
3. Tacaíocht agus Treoir
4. Oiliúint Múinteoirí
5. Painéal Múinteoirí
6. Baill Foirne Eile
7. Painéal Múinteoirí
8. Dara hÁbhar Gaeilge don Ardteist
9. Áiseanna Thacaíochta
10. Seirbhísí Óige

**Bord Oideachais Gaeltachta**

Ba chóir go mbeadh Bord Oideachas Gaeltachta bhunú le bheith freagrach as oideachas ag gach leibhéal. Leis na tograí seo atá luaite a chur i bhfeidhm mar is ceart, is tábhachtach go mbeadh comh-ordú soiléir á dhéanamh le linn ama ag eagraíocht atá in ann teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara cuí eile. Tá grúpa i léith de dhíth a mbeidh tuiscint domhain acu ar chúrsaí oideachais sna limistéir Ghaeltachta, na dúshláin atá ann agus atá in ann dul i ngleic leis na dúshláin seo trí phleananna straitéiseacha agus comhairle saineolach a chur ar fáil. Is féidir dul i ngleic le cuid

mhór de na fadhbanna atá roimh na scoileanna Gaeltachta faoi láthair trí Bhord láidir a chur ar bun a bhfuil saineolas acu agus atá tiomanta leis na fadbhanna seo a réiteach.

**Luath-thumoideachas i nGach Bunscoil**

Ba chóir go mbeadh an luaththumoideachais á fheidhmiú i ngach scoil Ghaeltachta go dtí deireadh na naíonán sinsearacha ar a laghad agus go deireadh an chéad rang má shocraíonn scoil sin. Tá sé seo de dhíth leis an tús is láidre agus is féidir a thabhairt do na páistí seo – go háirithe iad siúd i scoileanna Gaeltachta.

**Tacaíocht agus Treoir**

Cé go gcuirtear fáilte roimh na tograí seo agus gur dea-scéal atá ann go bhfuil obair á dhéanamh le riachtanais na scoileanna Gaeltachta a chomhlíonadh, caithfear bheith airdeallach nach gcuirfear barraíocht oibre ná brú ar scoileanna i limistéir Ghaeltachta. Ba chóir go mbeadh tacaíocht agus treoir ar fáil ón Roinn ag gach pointe i gcur i bhfeidhm an pholasaí nua seo le cinntiú gur féidir le scoileanna cibé athruithe nó coinníollacha breise a chur san áireamh gan deacrachtaí ar bith. Ní bheadh sé inghlactha más rud go mbeadh an obair seo ar fad fágtha chuig na scoileanna iad féin.

**Oiliúint Múinteoirí**

Más rud go mbeidh an caighdeán is airde oideachais ar fáil sna limistéir Ghaeltachta agus is féidir, tá sé riachtanach go mbeidh an fhoireann is fearr agus is féidir ar fáil ag gach leibhéal.
Leis seo a dhéanamh, agus le cinntiú go bhfuil tuiscint domhain ag múinteoirí ar oideachas Gaeltachta, ba chóir go mbeadh bliain acadúla caite ag mic léinn múinteoireachta sa Ghaeltacht agus taithí oibre a dhéanamh i scoileanna Gaeltachta. Agus mic léinn múinteoireachta ag dul i mbun oiliúna le teanga ar bith eile a theagasc, de ghnáth caitheann siad bliain thar lear i dtír ina bhfuil an teanga sin labhartha go forleathan le cur lena gcuid scileanna teanga féin, agus le tuiscint níos doimhne a fáil ar an chultúr agus an chomhthéacs ina bhfuil an teanga sin á labhairt. Tríd an phróiseas seo, beidh tuiscint domhain soiléir ag múinteoirí nuacháilithe ar gnéithe breise oideachais atá i scoileanna Gaeltachta agus beidh siad oilte leis an oideachas seo a chur ar fáil. Cuideoidh sé seo le cinntiú gur féidir an bearna a líonadh i dtaca le múinteoirí dara leibhéal do ghach ábhar. Leis na scileanna atá ag múinteoirí nuacháilithe a láidriú agus a neartú, ba chóir go mbeadh tréimhse profa bliana le caitheamh sa Ghaeltacht agus go mbeadh na poist seo ex cuóta.

Tugtar tuilleadh eolais ar an phointe seo i bPolasaí Oideachais Chonradh na Gaeilge:

> *"Faoi láthair, ní chaitheann ábhar-oidí bunscoile ach trí sheachtain in aghaidh na bliana, nó san iomlán, sa Ghaeltacht faoi láthair, agus caitheann a bhformhór sin an tréimhse sin inti tar éis dóibh scrúduithe na céad bhliana a dhéanamh. Chomh maith leis sin, téann siad chuig an nGaeltacht i ngrúpaí móra, suas go 300 le chéile fiú. Ní rachadh aon duine i ngrúpa mór thar lear le teanga eile a fhoghlaim. Is léir ó thaighde atá déanta le blianta anuas freisin nach bhfuil na hábhar-oidí féin sásta leis an gcaighdeán Gaeilge atá acu agus iad ag fágáil an Choláiste.*
> *Is fiú a thabhairt san áireamh go bhfaigheann 10% (400) de na daoine a dhéanann freastal ar na coláistí oideachais scolaíocht iomlán trí Ghaeilge idir gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta. Níl sé réasúnach go bhfuil ar na mic léinn sin, tiontú ar an mBéarla leis an*

*gcáilíocht mhúinteoireachta a bhaint amach agus, ansin, filleadh ar na gaelscoileanna agus ar na scoileanna Gaeltachta le múineadh trí Ghaeilge. Tá an córas reatha seo an-lochtach. Is fiú a thabhairt san áireamh freisin go bhfuil sé riachtanach do gach múinteoir Gaeilge sa dara leibhéal go gcaithfidh sé/sí trí mhí sa Ghaeltacht le múineadh ag an dara leibhéal.*

***An moladh:***

*Is éard atá i gceist leis an moladh seo ná go gcaithfeadh gach ábhar oide coibhéis de bhliain acadúil den chúrsa oiliúna i mioncholáiste lán-Ghaeilge áit a bhfoghlaimeodh an mac léinn sin faoi thumoideachas agus é sin uile trí thumoideachas Gaeilge. Bíonn timpeall is sé mhí teagaisc i gceist in aon bhliain acadúil nuair a bhaintear saoire agus am scrúdaithe amach as an áireamh. Mar sin dhéanfadh gach ábhar oide dhá mhí sa bhliain ar an gcúrsa tumoideachais seo. Cinnteoidh sé seo cumas sásúil sa Ghaeilge do GACH múinteoir bunscoile as seo amach.*

*<u>Maidir leis an gcoibhéis bliana ar cheart a chaitheamh ar tumoideachas Gaeilge:</u>*

- *Moltar go gcaithfeadh mic léinn an chéad mhí chinniúnach den chúrsa sa chomhthéacs teanga seo, go gcuirfidís aithne ar a chéile trí Ghaeilge agus go mbeadh tosaíocht ag an nGaeilge ón gcéad lá agus mar mhodh cumarsáide eatarthu féin.*
- *D'fhéadfadh cúntóireacht/múinteoireacht míosa i gColáiste Gaeilge (Samhradh) do dhéagóirí a bheith mar chuid den bhliain tumoideachais.*
- *Mar go gcaithfidh an cóimheas idir na foghlaimeoirí agus na cainteoirí líofa/dúchais a bheith cuí, molaimid go bhfanfadh na hábhar-oidí ina mbeirteanna nó i ngrúpai beaga eile le teaghlaigh Ghaeltachta agus go maoineodh Roinn na Gaeltachta an ghné sin ag ráta airgid chun go mb'fhiú do mhná tí páirt a ghlacadh ann.*
- *D'fhéadfaidís cuid den lá (go 1i.n.) a chaitheamh mar shampla, ina mbeirteanna, ag freastal ar ghnáth-bhunscoileanna an cheantair mar chúntóirí (fad is go bhfuil polasaí cinnte Gaeilge ag na scoileanna). I láthair na huaire is iad na scoileanna Gaeltachta a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus na Gaelscoileanna an t-aon chineál ionad oibre lán-Ghaeilge dá bhfuil ann d'ábhair múinteoirí. Ní fhéadfaidís ach feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge i measc múinteoirí, cúntóirí teanga, rúnaithe agus cúntóirí riachtanais speisialta.*
- *Maidir leis an múnla anseo d'fhéadfadh na ranganna Gaeilge, damhsa, drámaíochta, amhrá-naíochta, agus corpoideachais a bheith ann sa mhioncholáiste tar éis a 2 i.n. Chinnteodh sé seo gombeadh feabhas mór ar chaighdeán Gaeilge na múinteoirí agus, dar ndóigh, bheadh tionchar nach beag aige sin ar chaighdeán Gaeilge a gcuid daltaí amach anseo.*

*Ní foláir féachaint ar an riachtanas tumoideachais Ghaeilge don chúrsa iarchéime san oideachas a bhfuil céim sa Ghaeilge ag suas le 50% de na dhaoine a thugann faoi. Creidimid go mbeadh riachtanas agus/nó scrúdú iontrála Gaeilge agus tréimhse tumoideachais Gaeilge sa mhioncholáiste réasúnach maraon le cuid den chúrsa a bheith á múineadh trí Ghaeilge. Má theastaíonn ó mhic léinn an cúrsa iomlán a dhéanamh trí Ghaeilge ba cheart go mbeadh an rogha sin acu. Tá géarchéim i soláthar múinteoirí do na gaelscoileanna agus do na scoileanna Gaeltachta i láthair na huaire. Caithfear tabhairt faoin ngéarchéim seo láithreach trí dheis a thabhairt d'ábhair oide a gcúrsa iomlán oiliúna a dhéanamh trí Ghaeilge más mian leo, cúrsa a dhéanfadh freastal ar leith ar riachtanais na bunscolaíochta Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.*

*<u>Maidir leis an gcúrsa iomlán trí Ghaeilge:</u>*

- *D'fhéadfaí tosú ar chúrsa mar seo diaidh ar ndiaidh agus suas le caoga duine a chur ar chúrsa iomlán trí Ghaeilge don chéad bhliain agus an fhorbairt chuí a dhéanamh air sin de réir a chéile.*

*• Ba chóir go mbeadh an cúrsa seo á chur ar fáil ag mioncholáiste Gaeilge tríú leibhéal lonnaithe sa Ghaeltacht.*
*• Maidir leis an gcúrsa iarchéime, ba cheart go mbeadh an rogha ann an cúrsa uile a dhéanamh trí Ghaeilge. Ní bheadh i gceist anseo ach an fhoireann chuí a chur ar fáil.*
*Níl aon amhras ar bith, ach go gcabhródh an moladh seo le caighdeán na Gaeilge a ardú sna scoileanna agus sa tsochaí i gcoitinne agus, mar sin, éilítear ar na húdaráis chuí na dea-chleachtais a luaitear thuas a chur i bhfeidhm láithreach."*

**Painéal Múinteoirí**

Mar gheall ar an phointe ar oiliúint múinteoirí, is féidir na deacrachtaí atá luaite i bparagraf 6.2 den cháipéis chomhairliúcháin i dtaca le múinteoirí a sholáthar don chóras seo a sheachaint. Ba chóir an scéim atá ag an Fhoras Pátrúnachta a leasú agus a leathnú amach le cinntiú go bhfuil aon phost atá á líonadh trí phainéal múinteoirí líonta gan mhoill leis na daoine is cáilithe don ról seo. Seo é fáth eile go bhfuil Bord Oideachais Gaeltachta de dhíth, le tabhairt faoi seo agus le cinntiú nach mbeidh fadhbanna ann i dtaca le múinteoirí a chur sna rólanna seo. Is gá scrúdú /measúnú seachtrach a dhéanamh leis an gcaighdeán seo a chinntiú mar nár leor an caighdeán sna coláistí oiliúna faoi láthair.

**Baill Foirne Eile**

Leis an timpeallacht is fearr a chruthú do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta, caithfear gach ball foirne a chur san áireamh sa phleanáil seo. Ba chóir go mbeadh clár oibre comónta a fhorbairt do chúntóirí scoile fosta, agus go mbeadh scéim tacaíochta ar fáil do bhaill foirne eile sna scoileanna seo.

**Dara hÁbhar Gaeilge don Ardteist**

Dá mbeadh an dara hÁbhar Gaeilge ar chlár na hArdteiste, cuideoidh sé seo le caighdeáin na Gaeilge a láidriú agus cleachtais Gaeilge níos doimhne a chur i bhfeidm sna scoileanna seo. Tá tuilleadh eolais faoin togra seo ar fáil i bPolasaí Oideachais Chonradh na Gaeilge (Aguisín 1).

**Áiseanna Thacaíochta**

Leis na moltaí atá sa chaipéis chomhairliúcháin seo a chur i bhfeidhm mar is ceart, agus le cinntiú gur féidir le múinteoirí agus baill foirne scoile eile an caighdeáin oideachais is fearr a sholáthar i scoileanna Gaeltachta, caithfear a chinntiú go bhfuil go leor áiseanna thacaíochta ar fáil dóibh. Leis seo a dhéanamh, ba chóir dul i dteagmháil le múinteoirí, príomhoidí srl i dtaca leis an cheist seo amháin le iniúchadh a dhéanamh ar na háiseanna atá ar fáil go forleathan faoi láthair, agus le plean a chur le chéile leis na háiseanna atá de dhíth, de réir táithí na múinteoirí seo, a chur ar fáil.

**Seirbhísí Óige agus Deiseanna Sóisialta**

Leis an oideachas atá ar fáil i limistéir Ghaeltachta a neartú tá sé tábhachtach go gcaitear leis an oideachas atá curtha ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga sna Gaeltachta ar bhealach a chuireann gach gnéithe de shaol an duine óig san áireamh. Mar sin, ba chóir go mbeadh sé luaite sa pholasaí go mbeadh deiseanna foghlama neamhfhoirmiúla ar fáil trí Ghaeilge fosta. Tá sé aitheanta go bhfuil na deiseanna seo an-tábhachtach i dtaca leis an eispéaras oideachais atá ag daoine óga, agus ar a bharr seo cuireann na deiseanna seo go mór le sóisialú na teanga. Nuair a fhaigheann daoine óga an

deis agus an spreagadh a gcuid Gaeilge a feabhsú taobh amuigh den seomra ranga, i gcomhthéacs oideachasúla, baineann siad úsáid as foclaíocht agus frásaí difriúla mar gheall ar an timpeallacht éagsúil. Mar gheall air seo, beidh sé soiléir do na daoine óga seo nach mbaineann an Ghaeilge le scolaíocht amháin agus éiríonn siad cleachtaithe le húsáid na Gaeilge taobh amuigh de chomhthéacs acadúla amháin.

Le saibhreas teanga a chothú agus nósanna léitheoireachta maithe a spreagadh i measc páistí scoile, tá tacaíocht de dhíth le soláthar litríocht chomhaimseartha do dhaoine óga, go háirithe cainteoirí ó dhúchas. Ní amháin go bhfuil buntáistí ag baint leis seo ó thaobh oideachais de, agus bheadh an Ghaeilge in úsáid ag na páistí seo ar bhealach nadúrtha agus sultmhar dá mbeadh na leabhair cuí ar fáil dóibh,

## Pátrúnacht

Más rud go bhfuil aon scoil Ghaeltachta ag déanamh athruithe nó ag smaoineamh ar athruithe a dhéanamh ar phátrúnacht na scoile nó an eaglais ag dífheistiú pátrúnachta, moltar go dtéann na scoileanna seo i dtreo an Foras Pátrúnachta.

I scoil lán Ghaeilge tá an Ghaeilge:

- Mar theanga na scoile
- Mar theanga chumarsáide agus gnó na scoile
- Mar theanga mhúinte agus foghlama i ngach ábhar seachas Béarla
- Mar theanga chumarsáide ag na múinteoirí, na daltaí agus gach gné den scoil

Mar gheall go gcuireann an Foras Pátrúnachta gach tacaíocht agus bainistíocht ar fáil trí mheán na Gaeilge, ciallaíonn sé seo go bhfuil siad ar an dream is fóirsteanaí leis an ról seo a chomhlíonadh do scoileanna Gaeltachta.

## Réamhscolaíocht

Aithnítear sa cháipéis chomhairliúcháin féin an fiúntas a bhaineann le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht a luaithe agus is féidir le cinntiú gur féidir leis na páistí óga seo an tús is láidre a fháil ó thaobh sealbhú teanga de.
Má chuirtear na naíonraí ar suíomhanna na mbunscoileanna, cuideoidh sé seo le cultúr láidir Gaeilge a chruthú. Beidh na foirne difriúla in ann tacaíocht bhreise doláimhsithe a thabhairt dá chéile trí bheith lonnaithe ar na suíomhanna céanna, a oiread agus is féidir.
Mar gheall ar na coinníollacha i léith atá i gceist sna limistéir Ghaeltachta, ba chóir go mbeadh an dara bhliain de luath-oideachas saor in aisce ar fáil mar chuid den Bhliain Réamhscoile Saor in Aisce atá maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá sé aitheanta go mbeadh sé seo ina chuidiú do pháistí fud fad na tíre, ach mar gheall ar an luach breise a bhaineann leis an sealbhú teanga sa chás seo, ba chóir an clár seo a leathnú amach sna limistéir seo.

## COGG

Ba chóir go mbeadh tuilleadh acmhainní ag COGG le cinntiú gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag cur amach áiseanna do scoileanna Gaeltachta atá ábharach agus cuidiúil.

Ina theannta seo, mar gheall ar na rudaí breise a bhaineann le hoideachas a chur ar fáil i limistéir Ghaeltachta, ba chóir go mbeadh ionadaíocht ar bhord COGG ó lucht oideachais na Gaeltachta. Trí seo a dhéanamh, is féidir a chinntiú go mbeidh riachtanais na scoileanna Gaeltachta curtha san áireamh in obair na heagraíochta.

Tá iniúchadh ar na háiseanna atá ar fáil do scoileanna faoi láthair de dhíth le bearnaí ar bith atá ann faoi láthair a aithint. Ina dhiaidh seo, tá plean cuimsitheach gníomhach de dhíth leis na bearnaí seo a líonadh.

**Curaclam**

Ag an dara leibhéal ní mór a aithint nach bhfeileann an curaclam reatha don chóras oideachas Gaeltachta. Moltar é seo a athrú agus mar chuid lárnach den athrú seo go gcuirfear an dara hábhar Gaeilge ar chlár na hArdteiste(féach polasaí an Chonartha) nó go mbeidh sár leibhéal (leibhéal níos airde nó Gaeilge Ard-leibheal (faoi mar atá molta ag an gConradh don Teastas Sóisearach) curtha ar fáil le marcanna bónais ar nós mata onóracha don ardteist.

I dtaca leis an Ghaeilge, tá trí leibhéal de dhíth don teastas sóisearach agus an teastas sinsearach. Ar bharr an gnáthleibhéal agus an ardleibhéal, tá sár-leibhéal de dhíth do na scoláirí siúd a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu, agus ba chóir go n-aithnítear na scileanna seo trí mharcanna breise a bheith ar fáil dóibh.

**Moltaí Eile**

Tá eilimintí eile, atá lasmuigh de chúram díreach na Roinne, ach go gcaithfear a chur san áireamh freisin agus aghaidh a thabhairt orthu, m.sh. droch-chaighdeán leathanbhanda in an-chuid ceantair Gaeltachta, rud a chiallaíonn nach féidir leas a bhaint as áiseanna idirlín atá ar fáil. Ciallaíonn sé freisin go bhfuil sé fánach a bheith ag trácht ar na moltaí maithe atá déanta maidir le húsáid a bhaint as seomraí ranga fíorúla nó chun na moltaí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a sholáthar.